This is a digital copy of a book that was preserved for generations on library shelves before it was carefully scanned by Google as part of a project to make the world's books discoverable online.

It has survived long enough for the copyright to expire and the book to enter the public domain. A public domain book is one that was never subject to copyright or whose legal copyright term has expired. Whether a book is in the public domain may vary country to country. Public domain books are our gateways to the past, representing a wealth of history, culture and knowledge that's often difficult to discover.

Marks, notations and other marginalia present in the original volume will appear in this file - a reminder of this book's long journey from the publisher to a library and finally to you.

Usage guidelines

Google is proud to partner with libraries to digitize public domain materials and make them widely accessible. Public domain books belong to the public and we are merely their custodians. Nevertheless, this work is expensive, so in order to keep providing this resource, we have taken steps to prevent abuse by commercial parties, including placing technical restrictions on automated querying.

We also ask that you:

+ *Make non-commercial use of the files* We designed Google Book Search for use by individuals, and we request that you use these files for personal, non-commercial purposes.

+ *Refrain from automated querying* Do not send automated queries of any sort to Google's system: If you are conducting research on machine translation, optical character recognition or other areas where access to a large amount of text is helpful, please contact us. We encourage the use of public domain materials for these purposes and may be able to help.

+ *Maintain attribution* The Google "watermark" you see on each file is essential for informing people about this project and helping them find additional materials through Google Book Search. Please do not remove it.

+ *Keep it legal* Whatever your use, remember that you are responsible for ensuring that what you are doing is legal. Do not assume that just because we believe a book is in the public domain for users in the United States, that the work is also in the public domain for users in other countries. Whether a book is still in copyright varies from country to country, and we can't offer guidance on whether any specific use of any specific book is allowed. Please do not assume that a book's appearance in Google Book Search means it can be used in any manner anywhere in the world. Copyright infringement liability can be quite severe.

About Google Book Search

Google's mission is to organize the world's information and to make it universally accessible and useful. Google Book Search helps readers discover the world's books while helping authors and publishers reach new audiences. You can search through the full text of this book on the web at http://books.google.com/

3275
WIDENER LIBRARY
HX 5PSU 9

Mion-ċaint na Miḋe agus Ulaḋ.

Pádraiġ Ua Duḃṫaiġ

do sgríoḃ.

Ar n-a ċur amaċ

do

Ċonnraḋ na Gaeḋilge,

i mBaile Áṫa Cliaṫ.

1905.

Digitized by Google

3275, 154

VE RI TAS

HARVARD
COLLEGE
LIBRARY

Digitized by Google

Digitized by Google

Digitized by Google

Digitized by Google

Digitized by Google

Mion-ċaint na Miḋe

agus Ulaḋ.

Pádraig Ua Duḃṫaiġ

do sgríoḃ.

Ar n-a ċur amaċ

do

Ċonnraḋ na Gaeḋilge,

i mBaile Áṫa Cliaṫ.

1905.

Digitized by Google

3275.154

HARVARD
UNIVERSITY
LIBRARY
NOV 28 1967

66 X 212

PRINTED BY
SEALY, BRYERS AND WALKER,
MIDDLE ABBEY STREET,
DUBLIN.

Digitized by Google

156

Mion-Ċaint na Miḋe agus Ulaḋ.

Pádraig Ua Dubṫaiġ

do sgríoḃ.

Ar n-a ċur amaċ

do

Ċonnraḋ na Gaeḋilge,

i mBaile Áṫa Cliaṫ.

1905.

Trí Pingne.

Digitized by Google

Digitized by Google

Clár an Leaḃair Seo.

Coṁráḋ eadar ḃeirt ḟear	Conversation between Two Men	1
An Aimsir	The Weather	4
An Ċéad-ṗroinn	The Breakfast	6
An Meaḋon Lae	The Dinner	8
Ag Cur Préataí	Planting Potatoes	9
Meaṫlaiḋeaċt	Reaping	13
Ag Dul 'un a' Ḃaile Ṁóir.	Going to Town	15
Ins an Ḃaile Ṁór	In the Town	20
Ag Teaċt a Ḃaile	Coming Home	25
Ag Treaḃaḋ	Ploughing	26
Ag Bualaḋ Coirce	Threshing	30
Ar Sgoil	At School	33

Digitized by Google

Digitized by Google

Mion-Ċaint na Miḋe.

Coṁraḋ eadar beirt ḟear.	Conversation between two men.
1. Go mbeannuiġe Dia ḋuit ar maidin, a Ṡéamuis.	1. God save you this morning, James.
2. Dia 's Muire ḋuit, a Ṁiċil.	2. God save you kindly, Michael.
3. Caidé mar tá tú (=caidé an ḋóiġ at' ort, nó caidé an ċuma at' ort)?	3. How are you?
4. Go maiṫ, go raiḃ maiṫ agat; caidé mar tá tú ḟéin?	4. Well, thank you; how is yourself?
5. Coṁ fad is tá an tsláinte aige duine, ċán ḟuil gar a ḃeiṫ casaoid aige.	5. So long as one has the health, he has no need to complain.
6. Is fíor sin go deiṁin, ċán ḟuil fios ceiṫre na sláinte aige duine go mbíonn sé tamall gan í.	6. That is true, indeed, a person knows not the want of the health until he is awhile without it.
7. Caidé mar tá siḃ ar agaiḋ le ḃur n-obair ṫiar ann sin?	7. How are you on with your work over there?
8. Támuid ar agaiḋ go maiṫ, measaim go mbéiḋ sinn réiḋ ar a' tseaċt-ṁain seo.	8. We are on well, I think we shall be finished this week.

Digitized by Google

9. Is mór sin ar fad, ċár tosuiġ mise go dtí seaċtṁain 's an lá indiu.
10. Má leanann an aimsir mar seo seaċtṁain eile, béiḋ am go leor againn uilig.
11. Má ḃíonn ar gcuid coirce curṫa againn Lá Ḟeil' Pádraig, féadann sinn a ḃeiṫ buiḋeaċ.
12. Ċá ḃéaḋ sé ró-gasta, dá mbéaḋ sé curṫa i mbáraċ.
13. Ċá dtig leis ḃeiṫ ag fearṫainn i gcoṁnaiḋe. Rinne sé níos mó fearṫainn' ar a' ḃliaḋain seo (= i mbliaḋna) ná bliaḋain ar biṫ eile is cuṁain liom-sa.
14. Caidé mar tá do ċliobóg óg ag obair?
15. Tá sí ag obair go ciúin, aċt amáin go ḃfuil a gualainn friṫir. agus b'éigean dúinn sgíste a ṫabairt dí go ceann cúpla lá.
16. Ċá leigeann tú a leas iongantas a ċur ann sin mar tá sí óg bog.
17. Caidé an aois i ḃfuil sí anois?
18. Dá ḃliaḋain ar a' Ḃéal-taine seo ċugainn.
19. Tá sin óg amaċ (= an-óg).

9. That is great entirely, I did not commence until this day week.
10. If the weather continues like this for another week, we shall all have time enough.
11. If we have our oats sown at Patrick's Day, we may be thankful.
12. It would not be too soon, if it were sown to-morrow.
13. It cannot be always raining. It rained more this year than any other year I remember.
14. How is your young filly working?
15. She is working quietly, but that her shoulder got sore, and we had to give her rest for a couple of days.
16. You need not wonder at that, as she is young and soft.
17. What age is she now?
18. Two years next May.
19. That is very young.

Digitized by Google

20. Cá huair a ḃí tú ar an ṁargaḋ?	20. When were you at the market?
21. Dia Luain seo ṫart.	21. Last Monday.
22. A' raiḃ margaḋ mór agaiḃ?	22. Had you a large market?
23. Is minic ċonnaic mé níos mó; aċt ḃí iarraiḋ ṁaiṫ ar ruḋ ar biṫ ḃí ag díolaḋ (= d'á ḋíol) ann.	23. I often saw bigger; but there was a good demand for anything that was being sold.
24. Caidé mar ḃí na preataí ag díol?	24. How were potatoes selling?
25. Ċá dtiocfaḋ liom-sa a ráḋ ar dóiġ (= go ceart).	25. I could not say exactly.
26. Ċá raiḃ margaḋ lán ann nuair d'ḟág mise é.	26. There was not a full market when I left.
27. Má leanann an aimsir mar seo, fásfaiḋ an féar ċoṁ maiṫ naċ n-aiṫneoċaiḋ tú i seaċtṁain nó i gcoi'cís é.	27. If the weather continues like this, the grass will grow so well, that you wont know it in a week or a fortnight.
28. Tá dúil agam go raiḃ coċán agus féar tirim daor.	28. I suppose straw and hay were dear.
29. Tá an t-eallaċ corṫa insa' stábla; baḋ ṁór a' t-aṫruġaḋ dóḃṫa a ḟáġail amaċ ar an ḟéar.	29. The cattle are tired in the stable; it would be a great change for them to get out on the grass.
30. Tá an craiceann ag sgoilteaḋ orṫú le biaḋ tirim.	30. The skin is splitting on them with dry food.
31. Tá sé an t-am agam dearcaḋ fá mo ċuiḋ ḟéin oibre anois.	31. It is time for me to look after my own work now.
32. Caidé tá tú a ḋéanaṁ indiú?	32. What are you doing to-day?
33. Ċán ḟuil mé ag déanaṁ an dadaḋ go seaḋ (go sé = go fóil), aċt tá mé ag dul anonn anois	33. I am doing nothing yet, but I am going over now to cut the bushes that were tearing the

Digitized by Google

a ġearraḋ na ndorán ḃí ag strócaḋ ceann na gcapall fad 's ḃí siad ag teanntaḋ ar an ċeann-iomaire.

horses' heads while they were turning on the headland.

34. (1) Slán leat.
(2) Beannaċt leat.

34. (1) Safety with you.
(2) A blessing with you. (= Good-bye).

35. (1) Go dtéiḋ tú slán.
(2) Go soirḃiġe Dia ḋuit.

35. (1) May you go safely.
(2) May God prosper you.

AN AIMSIR. — THE WEATHER.

1. Tá cuma na fearṫainn' ar an lá indiú (= tá an lá indiú cosṁail leis an ḟearṫainn).
   To-day is like the rain.
2. Is olc an cóṁarṫa ar an aimsir na faoileannáin a ḟeiceáil ag dul ṫart ag sgréacaiḋiġ.
   It is a bad sign of the weather to see the seagulls going round screaming.
3. Tá fearṫainn ins an néal sin os ár gcionn.
   There is rain in that cloud overhead.
4. Tá eagla orm go mbéiḋ sí seo 'na ċioṫ ṫrom.
   I am afraid this will be a heavy shower.
5. Tá an ġaoṫ anoir a ndeas.
   The wind is S.E.
6. Tá sé ag cur go trom anois.
   It is raining heavily now.
7. Ċá ḃíonn aċt cioṫ ann.
   It will be only a shower.
8. Féaċ an ġrian ag teaċt fríd na néaltaiḃ.
   See the sun coming through the clouds.
9. Tá teas go leór ann anois, ċun an méid a ḟliuċ an ḟearṫainn a ṫriomuġaḋ.
   There is heat enough now to dry all that the rain wet.
10. Tá sé ag dórtaḋ anois.
    It is pouring now.

Digitized by Google

11. Tá sé ag tógḃáil na gcloċ ón talaṁ.	11. It is lifting the stones from the ground.
12. Tá sé 'na lá breág anois ar fad.	12. It is a fine day now entirely.
13. Ċá ḃíonn níos mó fearṫainn' againn go ceann tamaill.	13. We shall have no more rain for a while.
14. Tá duḃa ins an spéir.	14. There is a darkness in the sky.
15. Tá ciot cloiċ-sneaċta ag teaċt.	15. There is a shower of hail coming.
16. Tá cloiċ-sneaċta oiread le (=coṁ mór le) huiḃeaċaiḃ ag tuitim.	16. There is hail as large as eggs falling.
17. Tá sé ag éirġe cosṁail amaċ le sneaċta.	17. It is getting very like snow.
18. Tá fuaċt a' t-sneaċta ins an aer.	18. The coldness of snow is in the air.
19. Bainfiḋ an sneaċta an ġoiṁe as an aimsir.	19. The snow will take the venom out of the weather.
20. Béiḋ troiġ ar doiṁne de sneaċta amuiġ ar maidin	20. There will be a foot of snow out in the morning.
21. Tá sé ag tuitim go tiuġ.	21. It is falling quickly.
22. Tá sé ḋ'á leaġaḋ anois.	22. It is melting now.
23. Tá sé ag sioc.	23. It is freezing.
24. Tá oiġre ar an uisge.	24. There is ice on the water.
25. Tá oiġre ar an bóṫar agus tá an bóṫar sleaṁain.	25. There is ice on the road and the road is slippery.
26. Sin leac mór oiġre.	26. That is a great sheet of ice.
27. Tá sé coṁ tiuġ ⁊ coṁ láidir le bórd.	27. It is as thick and as strong as a board.
28. Tá sé 'tosuġaḋ ḋ'á leaġaḋ.	28. It is commencing to thaw.

Digitized by Google

29. Béiḋ aimsir breáġ againn anois le congnaṁ Dé.

29. We shall have fine weather now, with God's help.

30. Aimsir ġlan.
„ ḟuar.
„ breáġ.
„ reoḋaċ, sioċáin.
„ ċeoḋaċ.
„ ḟearṫainneaċ.
„ ṡneaċtaċ.
„ ḟliuċ.
„ ṫe.
„ ġrianṁar.
„ ġaoṫaċ.

30. Clear weather.
Cold „
Fine „
Frosty „
Misty „
Rainy „
Snowy „
Wet „
Hot „
Sunny „
Windy „

An ċéad-ṗroinn. — THE BREAKFAST.

1. Éirig anois, béiḋ do ċéad-ṗroinn réiḋ ar a' ḃonc.

1. Rise now, your breakfast will be ready immediately.

2. A' mbéiḋ faill (= am) agam, píosa siuḃail a ḋéanaṁ roiṁe le mo ċéad-ṗroinn?

2. Shall I have time to have a walk before my breakfast?

3. Béiḋ; aċt ná siuḃail i bḟad, bí astoiġ (= istiġ) arís i ndeiċ mbimide.

3. Yes; but do not walk far, be in again in ten minutes.

4. A' mbéiḋ uiḃeaċa bruiṫte agat?

4. Will you have boiled eggs?

5. Tá na huiḃeaċa seo ró-ḃruiṫte.

5. These eggs are too much boiled.

6. Taḃair an t-im sin daṁ le do ṫoil.

6. Give me that butter please.

7. An arán cruiṫneaċta tá 'gat ar maidin?

7. Is it wheaten bread you have this morning?

8. Ṡaoilear go mbaḋ ṁaiṫ leat atruġaḋ.

8. I thought you would like a change.

9. Tá sé i bḟad níos feárr ná an t-arán geal.

9. It is much better than white bread.

Digitized by Google

10. Tá níos mó láidreaċt' ann. — 10. It contains more nourishment.

11. Cuir tuilleaḋ ime ar do ċuid aráin. — 11. Put more butter on your bread.

12. Ṡaoilfeaḋ duine gur ór a ḃí innti, tá tú coṁ cúramaċ léiṫe. — 12. A person would think it was gold, you are so careful of it.

13. Ċá baoġal duit mise, ċá déanaim dearmad orm féin. — 13. You need not fear for me, I shall not forget myself.

14. Dóirt amaċ cupán eile tae daṁ annseo, le do ṫoil. — 14. Pour out another cup of tea here, please.

15. Sonas ar do láiṁ. — 15. Thanks.

16. Ná cuir mórán uaċtair in mo ċuid tae. — 16. Do not put much cream in my tea.

17. Tá an t-uaċtar sin láidir ar ḋóiġ ar biṫ. — 17. That cream is rich at any rate.

18. An maiṫ leat mórán siúcra? — 18. Do you like much sugar?

19. Ġníḋ sponóg ḃeag gaċ cupán daṁ-sa. — 19. A small spoonful to each cup does me.

20. Naċ mbéiḋ cupán eile agat? — 20. Will you not have another cup?

21. Ná líon an cupán sin ar fad. — 21. Do not fill that cup entirely.

22. Cad ċuige (= caidé an fáṫ = cad ar)? — 22. Why?

23. Tá na cupáin seo an-ḃeag. — 23. These cups are very small.

24. Tá siad mór go leór; aċt ċán fuil spéis agam i n-a lán tae. — 24. They are large enough; but I do not like much tea.

25. Ċán gaċ [h]aon ḋuine a ḃfuil an sgéal céadna le ráḋ acú. — 25. It is not everyone has the same to say.

Digitized by Google

An Meaḋon Lae.	THE DINNER.
1. Tá an meaḋon lae réiḋ anois.	1. Dinner is ready now.
2. Ċár ṡaoil mé go raiḃ sé coṁ·mall sin.	2. I did not think it was so late (*i.e.* the time of day).
3. Tarraing do ċaṫaoir i n-aice an ḃuird, ⁊ suiḋ síos.	3. Draw your chair near the table and sit down.
4. Ná bíoḋ náire ort do ṡáiṫ a iṫe.	4. Don't be ashamed to eat your fill.
5. A' mbéiḋ tuilleaḋ feóla 'gat?	5. Will you have more meat?
6. Cá ḃíonn, tá mé buiḋeaċ ḋíot; is fearr liom beagán gabáiste.	6. No, thank you; I prefer a little cabbage.
7. Seo ḋuit tuilleaḋ muic-ḟeóla.	7. Here is more ham.
8. Ḃfuil an ḟeóil sin ḃruiṫte a ṡáiṫ?	8. Is that meat sufficiently boiled?
9. Béiḋ beagán anḃruiṫe agam anois.	9. I shall have a little soup now.
10. Déanfaiḋ sin.	10. That will do.
11. Tabair beagán salainn daṁ, le do ṫoil.	11. Give me a little salt, please.
12. Tá mé réiḋ anois.	12. I am finished now.
13. Pláta.	13. A plate.
Mias.	,, dish.
Sgála.	,, bowl.
Sgian.	,, knife.
Sponóg.	,, spoon.
Picín.	,, fork.
Gloine.	,, glass.
Feóil.	Meat.
Muicḟeóil.	Ham.
Caoirḟeóil.	Mutton.
Préataí.	Potatoes.
Gabáiste.	Cabbage.
Iasg.	A fish.
Priáil.	Sauce.

Digitized by Google

Ag Cur Préataí.

1. Spréiḋ an t-aoileaċ ṫart coṁtrom ⁊ ná fág cnap-án (lumpán) dí gan spréiḋeaḋ.
2. Measann tú go ḃfuil go leór- aoiliġ ann seo 'gainn?
3. Cá ṁéad drill atá tú 'taḃairt leat do gaċ sreaṫ?
4. Tá mé ag taḃairt cúig cionn; aċt carna móra tá ionntú seo.
5. Cá ṁéad carn tá in gaċ [h]aon ualaċ (lóda)?
6. Trí carna ⁊ tá ceiṫre ual-aċ (lóda) in gaċ sreaṫ.
7. Béiḋ sin 'na leasuġaḋ ṫrom go leór.
8. A' gcuirfiḋ tú cuid de na préataí indiu?
9. Gan amras. D'féad-faiḋe go mbéaḋ sé seaċtṁain go ḃfuiġmist lá mar seo arís.
10. Is fearr an aimsir a ḟreastal nuair tá sí go maiṫ.
11. Tosaċaiḋ mé ag cur i ndéiḋ a' ṁeaḋoin lae.
12. Béiḋ fear eile a ċeiṫre orm-sa a ċuidiuġaḋ liom ann seo.
13. Caiṫfiḋ mise a ḋul suas ann seo ⁊ na buaċaillí a ċur a leagan na bpór.

PLANTING POTATOES.

1. Spread the manure evenly and leave none of it unspread.
2. Do you think we have manure enough here?
3. How many drills are you taking for each row?
4. I am taking five; but these are big heaps.
5. How many heaps are in each load?
6. There are three, and four loads in each row.
7. That will be a heavy dressing enough.
8. Will you plant some of the potatoes to-day?
9. Certainly. It might be a week until we get a day like this again.
10. It is better to attend the weather when it is good.
11. I shall commence to plant after dinner.
12. I shall want another man to help me here.
13. I must go up here and set the boys to lay the seed.

Digitized by Google

14. Anois, a ḃuaċaillí, bfuil siḃ réiḋ a leagan na bpréataí?	14. Now boys, are you ready to lay the potatoes?
15. Bfuil bráiscíní agaiḃ uilig?	15. Have you all aprons.
16. Ná tabair an iomaḋ leat, a ḃuaċaill, ⁊ béiḋ sé níos fusa ḋuit siuḃal.	16. Don't take too much with you, boy, and it will be easier for you to walk.
17. Ná leag pór ar biṫ naċ bfuil fás ann.	17. Do not lay a seed at all that has not a bud.
18. Caiḋé an faḋ leagfas muiḋ eadar gaċ [h]aon ṗór?	18. What distance shall we leave between each set (=seed)?
19. Fágaiḋ aon orlaċ ḋéag eatorra.	19. Leave eleven inches between them.
20. Coinniġiḋ na póir go ceart i lár an eitrin.	20. Keep the sets exactly in the centre of the furrow.
21. Nuair a béiḋeas ḋeiċ ndrillí is fiċe leagṫa agaiḃ-se, tosaċaiḋ mise a ċur faluġaḋ (=folaċ).	21. When you have thirty drills dropped, I shall commence to cover them.
22. Cá ṁéaḋ lán práiscín ġlacfaiḋ sé do gaċ [h]aon ḋrill?	22. How many apron-fulls will it take for each drill?
23. A' nglacfaiḋ práiscín aṁáin go dtí an ceann eile ṫú?	23. Will one apron take you to the other end?
24. Fáigfiḋ mé mála póir ar an ċeann-iomaire eile.	24. I shall leave a bag of seed on the other headland.
25. Tá cuiḋ agaiḃ-se ag ḋul ró-ġarta ⁊ ċán fuil siḃ ag fágáil i bfoirseaċt aṁáin (=go coṁtrom) iaḋ.	25. Some of you are going too quickly and you are not dropping them (=the sets) evenly.
26. Táim ag tosuġaḋ a ċur faluġaḋ (=folaċ) orṫú anois.	26. I am commencing to cover them now.

Digitized by Google

27. A' gcoinneoċaiḋ duine agaiḃ greim ar a' ċapall seo go dtiocfaiḋ sé [ag] cleaċtuġaḋ leis an obair?	27. Will one of you hold this horse until he gets used to the work?
28. Tabair air siuḃal ar ḃárr an drill, óir, dá siuḃalfaḋ sé ins an eitrin, ċaiṫfeaḋ sé an pór as a áit.	28. Make him walk on the top of the drill, for, if he walked in the furrow, he would throw the seed out of its place.
29. Tabair cead dó siuḃal leis féin anois go ḃfeicfiḋ sinn caidé mar ḋéanfaiḋ sé.	29. Let him walk by himself now until we see how he will do.
30. Tá sé ag dul ar aġaiḋ go breáġ; féadann tú dul ar ais do do ċuid oibre anois.	30. He is going on finely; you can go back to your own work now.
31. Beiḋ an ṗáirc seo curṫa againn anoċt.	31. We shall have this field planted to-night.
32. Tá an pór uilig leagṫa anois.	32. All the seed is dropped now.
33. A' raiḃ go leór acú do'n ṗáirc uilig?	33. Had they enough for the whole field?
34. Bí, mur ċuir siad ró-ṫiuġ iad.	34. They had, unless they dropped them too thickly.
35. Gaḃ siar anois ⁊ abair leis na mbuaċaillíḃ dul isteaċ ⁊ a séire (suipéar) a fáġail.	35. Go over now and tell the boys to go in and get their supper.
36. Beiḋ siad atásaċ sin a ċluinsint.	36. They will be glad to hear that.
37. Tá mé deiṁneaċ go mbéiḋ siad corṫa i mbáraċ.	37. I am sure they will be tired to-morrow.
38. Rinn siad obair ṁaiṫ ó lá.	38. They worked well all day.

Digitized by Google

39. Mura ḃfuil tú ró-ṗráiḋinneaċ, d'ḟéadfá na drillí, tá le cur faluġaḋ orṫú agam, a áireaṁ (ċonntur).	39. If you are not too busy, you might count the drills I have to cover.
40. Tá cúig ceann déag is fiċe le cur faluġaḋ orṫú go seaḋ (go sé = go fóil).	40. You have thirty-five to cover yet.
41. Coinneoċaiḋ sin tuairim dá uair mé.	41. That will keep me about two hours.
42. Béiḋ sé a ċeiṫre ort práiḋinn a ḋéanaṁ; ċá ṁoṫuiġeann tú an oiḋċe ag teaċt.	42. You will want to hurry; you will not find the night coming.
43. Baḋ ṁaiṫ liom a ḃeiṫ réiḋ roiṁe leis an oiḋċe.	43. I would like to be finished before night.
44. Ċán fuil gnaiṫe (= gnó) agam-sa ḃeiṫ fánaċ annseo, nuair naċ ḃfuil dadaḋ le déanaṁ agam.	44. I need not be waiting here when I have nothing to do.
45. Téiḋ ⁊ cruinniġ suas na málaí folṁa ar fad, ⁊ tabair isteaċ leat iad.	45. Go and gather up all the empty bags and take them in with you.
46. Ḃfuair tú na málaí uiliġ?	46. Did you get all the bags?
47. Saoilim go ḃfuair.	47. I think I did.
48. Caidé an méad tá le déanaṁ anois agat?	48. How much have you to do now?
49. Ċán fuil aċt dul síos ⁊ teaċt aníos uair aṁáin agam.	49. I have only to go down and up once.
50. Fanfaiḋ mise annseo go dtiocfaiḋ tú aníos.	50. I will wait here until you come up.
51. Tig leat 'ċuiḋiuġaḋ liom na capaill a ṫabairt a ḃaile.	51. You can help me to take home the horses.
52. Ċuir sinn a lán ó ṫosuiġ muid.	52. We planted a good deal since we started.

Digitized by Google

53. Taḃair isteaċ an capall seo ⁊ ḃéarfaiḋ mise an ceann eile.

53. Take in this horse and I will take the other.

54. Ná fág rud ar biṫ de'n úġaim i do ḋéiḋ.

54. Don't leave any of the harness behind you.

55. Tá gaċ [h]aon ċeann díoḃṫa linn anois.

55. We have them all now.

Meaṫlaiḋeaċt. — REAPING.

1. Gearr casán ṫart an ṗáirc ar dtús.

1. Cut a pass round the field at first.

2. Sin ball a ḃfuil cuma air go ḃfuil sé abaiḋ.

2. There is a spot that appears to be ripe.

3. Tá sé réiḋ le sgaṫaḋ.

3. It is ready to shell.

4. An céad ġaoṫ a ṫiocfas, sgaṫfaiḋ sí e.

4. The first wind that comes will shell it.

5. Is féarrdúinn a ġearraḋ anois.

5. It is better for us to cut it now.

6. Glacfaiḋ mé sreaṫ suas tríd seo.

6. I shall take a swathe up through this.

7. Cia ṫógfas 'mo ḋéiḋ?

7. Who will lift after me?

8. Tóg go glan anois é.

8. Lift it cleanly now.

9. Ná teana (= déan) na purainn (= punainn) coṁ mór.

9. Don't make the sheaves so big.

10. Má ġníḋ tú coṁ mór iad, ċá dtig leat síomán (banda) a ḟáġail a ċeangailfeas iad.

10. If you make them so big, you cannot get a band to bind them.

11. Tá an t-arḃar seo doiliġ amaċ a ḃaint.

11. This corn is very difficult to cut.

12. Tá bonn tiuġ féir ar an talaṁ seo ⁊ baineann sé an faoḃar de'n speil go gasta.

12. There is a thick sole of grass on this ground, and it takes the edge off the scythe quickly.

13. An le cloiċ ġainiṁ ċuireann tú faoḃar uirṫi?

13. Is it with a sand-stone you sharpen it?

Digitized by Google

14. Ċán ḟuil gar dúinn 'ġearraḋ níos fuiḋe suas ann sin; ċán ḟuil se abaiḋ.	14. We need not cut further up there; it is not ripe.
15. Tá coirce níos abaiḋe ag an ċeann eile de'n ṗáirc.	15. There is riper corn at the other end of the field.
16. Cuir na purainn (= punainn) seo ar mo ḃealaċ.	16. Put these sheaves out of my way.
17. Tosuiġiḋ a ċeanglaḋ anois.	17. Commence to tie now.
18. A' ḃfuil siḃ réiḋ a ċur suas na stocaí?	18. Are you ready to put up the stooks?
19. Cá ṁéad purann (= punann) ċuirfimid (ċuir-fear muid) i ngaċ ceann acú?	19. How many sheaves shall we put in each?
20. Cuiriḋ sé cinn déag ⁊ cuiriḋ tríṗurann (= ṗun-ainn) orra.	20. Put sixteen, and put three head-sheaves.
21. Ceanglaiḋ iad ar ḋóiġ naċ séideoċaiḋ an ġaoṫ ar siuḃal iad.	21. Tie them so that the wind will not blow them away.
22. A' ḃfuil duine ar biṫ ag cruinniuġaḋ an tacair inár nḋéiḋ?	22. Is there anyone gathering the heads after us?
23. Sin meaṫlaiḋeaċt ġlan.	23. That is clean reaping.
24. Ḃéaḋ sé níos fusa a ḃaint, dá mbéaḋ an ġaoṫ ag séideaḋ an ċoirce ó'n speil.	24. It would be easier cut, if the wind was blowing the oats from the scythe.
25. Ċán ḟuil an ġaoṫ sin olc ar ċor ar biṫ.	25. That wind is not bad at all.
26. Ḋá mbéaḋ sí 'nár n-aġaiḋ, béaḋ sé níos measa.	26. If it were against us, it would be worse.
27. Tá gráinne an ċoirce sin cumṫa go maiṫ.	27. The grain of that oats is well formed.

Digitized by Google

28. Ḃaḋ ċóir dó a ḃualaḋ go maiṫ.	28. It ought to thresh well.
29. Ḃaḋ ċóir, má ḟáġann sé seaċtṁain mar seo ins na stocaiḃ.	29. It ought, if it gets a week like this in the stocks.
Ag dul 'un a' ḃaile ṁóir.	**GOING TO TOWN.**
1. Tá sé an t-am a éirġe.	1. It is time to rise.
2. Caidé an t-am é?	2. What time is it?
3. Tá sé ceaṫraṁa go dtí a cúig.	3. It is a quarter to five.
4. Maise, tá sin moċ; ċár éiriġ mé indé go dtí fiċe bimide i ndéiḋ a cúig.	4. Well, that is early; I did not rise yesterday until twenty past five.
5. Is cuma sin; tá níos mó le déanaṁ indiú agat ná ḃí indé.	5. No matter; you have more to do to-day than you had yesterday.
6. Caidé tá le déanaṁ indiú agam?	6. What have I to do to-day?
7. Déan práiḋinn anois ⁊ ársaċaiḋ mé duid nuair tá tú ar leabaiḋ.	7. Hurry now and I shall tell you when you are up.
8. Maise, a Ṡéamuis, ḃí sé doiliġ d'ḟáġail 'do ṡuiḋe ar maidin.	8. Well, James, it was hard to get you up this morning.
9. Ċá leigeann tú a leas iongantas a ċur ann sin; ḃí mé ar leabaiḋ mall aréir.	9. You need not wonder at that; I was late out of bed (=up late) last night.
10. Cá raḃ tú aréir nó cá huair a ṫainic tú a ḃaile?	10. Where were you last night, or what time did you come home?
11. Ḃí me ṫall ag an faire ⁊ ċá dtainic me a ḃaile go dtí a deiċ a ċlog.	11. I was over at the wake, and I did not come home until ten o'clock.

Digitized by Google

12. A' raiḃ faire ṁór agaiḃ?
12. Had ye a big wake?

13. Ċá raiḃ, ⁊ anois b'ḟéarr liom-sa i bfad gur ḟan me sa mbaile.
13. No, and now I would much prefer that I had remained at home.

14. Teana (déan) práiḋinn le do ċéad-ṗroinn ⁊ tabair biaḋ do na capallaiḃ.
14. Hurry with your breakfast and feed the horses.

15. Caidé ċaiṫfeas me ḋéanaṁ ann sin?
15. What must I do now?

16. Caiṫfiḋ tú an capall duḃ a ṫabairt ċun a' t-Sráidbaile fa ċoinne ualaiġ (lóda) guail.
16. You must take the black horse to Dundalk for a load of coal.

17. 'Bfuil sé furus greim a ċoinġbeáil ar an ċapall sin?
17. Is it easy to hold that horse?

18. Tá sé furus go leór, aċt tabair aire agus ná buail leis an tslait ar na hasnaiḃ é.
18. It is easy enough, but mind and do not strike him on the ribs with the rod.

19. Naċ mbéiḋ tusa ag teaċt liom-sa?
19. Won't you be coming with me?

20. Má ṡaoileann tú naċ mbéid tú ar son an ċapaill a ċoinġbeáil.
20. If you think you will not be able to hold the horse.

21. Ċán maiṫ liom a ḋul liom féin, ⁊ is féarr duit a ṫeaċt liom.
21. I do not like to go by myself, and it is better for you to come with me.

22. A' bfuil tú ċoṁ bog sin go bfuil eagla ort a ċoinġbeáil?
22. Are you so soft that you are afraid to hold him?

23. Nuair naċ raiḃ sé amuiġ riaṁ roiṁe, is féarr duid féin a ṫeaċt liom.
23. As he was never out before, it is better for yourself to come with me.

Digitized by Google

24. Imṫiġ leat anois ; béiḋ mo ċeaḋ-ṗroinn réiḋ go haiṫġiorra, ⁊ ċá ḃíonn tusa réiḋ a teaċt liom.	24. Go away now, my breakfast will be finished soon, and you will not be ready to come with me.
25. Cá ḃfuil srátar a' ḋeiṫiġ ?	25. Where is the straddle ?
26. Naċ dtig leat a ḟáġ-ail ?	26. Can you not get it ?
27. Caiṫfiḋ sé a ḃeiṫ ins an áit ċéadna i ḃfuair tú an t-aḋastar.	27. It must be in the same place as you got the halter.
28. Fuair mé an t-aḋastar ar ṗeig aḋmaiḋ i gcóir-neál an stábla, aċt ċán ḟaca me an srátar ann sin.	28. I got the halter on a wooden peg in the corner of the stable, but I did not see the straddle there.
29. Má's sin a' ḋóiġ, cuar-tuiġ sríḋ a' stábla eile.	29. If that is so, search through the other stable.
30. Cá ḃfuair tú é ?	30 Where did you get it ?
31. Fuair mé ins an stábla céadna i ḃfuair mé an t-aḋastar ann, aċt ab é go raiḃ an srátar fal-uiġṫe (=foluiġṫe) le coċán.	31. I got it in the same stable that I got the halter in but the straddle was covered with straw.
32. Nár ḋeas an áit sin a ḟáġail ?	32. Was not that a pretty place to get it ?
33. Ċán mise ḋ' ḟáġ ann sin ar ḋóiġ ar biṫ é.	33. It is not I left it there, at all events.
34. Caiḋé eile aḋeirfeá ?	34 What else would you say ?
35. Tabair an capall tart leat ar ċúl an tiġe.	35. Take the horse round behind the house.
36. Raċaiḋ mise roiṁe leat, ⁊ tarraingeoċaiḋ mé an trucaill amaċ as tiġ na dtrucaill.	36. I shall go before you, and pull the cart out of the cart house.
37. Cuir an capall ar ais isteaċ ann seo.	37. Back the horse in here.

Digitized by Google

38. Tar ṫart go dtí doras an sgioból go ḃfuiġmid coċán a ċuirfeas muid (sinn) ins a' trucaill.	38. Come round to the barn door, until we get straw, that we shall put into the cart.
39. Raċamuid ar aġaiḋ anois i n-ainm Dé.	39. We shall start now in the name of God.
40. Cia tá 'na ċómnaiḋe ins a' tiġ mór sin ṫall?	40. Who lives in that big house yonder?
41. Sin an áit i ḃfuil Séamus Mór, a pósaḋ ar a' tseaċtṁain seo ṫart, 'na ċomnaiḋe.	41. There is where Shemus Mōr, who was married last week, lives.
42. Maise, a ndeir tú gur pósaḋ é?	42. Well, do you say that he got married?
43. Pósaḋ é, ċán níos moille nó Dia Máirt seo ṫart.	43. Yes, not later than last Tuesday.
44. Caiṫfiḋ sé a ḃeiṫ aosta anois; is fada ó ḃí mise ⁊ eisean ag dul ar sgoil ar a'n iúl (= le ċéile).	44. He must be old now; it is long since he and I were going to school together.
45. An raiḃ tusa ag dul ar sgoil ar a'n iúl leis?	45. Were you going to school along with him?
46. Ḃí go deiṁin, ⁊ ḃí seisean i ḃfad níos mó ⁊ níos aosta nó mise.	46. Yes, indeed, and he was much bigger and older than I.
47. Cia ḟaoilfeaḋ sin?	47. Who would think that?
48. Cia pósaḋ leis?	48. Who is he married to? (*lit.* who was married to him?)
49. Le niġin Ṁíċil Ḃáin ṫall ag bun a' tsléiḃe.	49. To Michael's Bawn's daughter over at the foot of the mountain.
50. Caidé an fad i ḃfuil sé ó'n áit s' againne go dtí an Sráidḃaile?	50. What distance is it from our place to Dundalk?
51. Tá dúil agam go ḃfuil sé seaċt míle.	51. I suppose it is seven miles.

Digitized by Google

52. Mílte Gaoḋalaċ' nó mílte Sasanaċ'?	52. Irish miles or English miles?
53. Tá 's agat go maiṫ naċ gconntusmuid le míltiḃ Sasanaċ' ins an ċeanntar seo.	53. You know well we do not count by English miles in this district.
54. Siud an lán mara (an taoide).	54. Yonder is the tide.
55. Cá ḃfuil sé? Ċán ḟeicim e.	55. Where is it? I do not see it.
56. Naċ ḃfeic tú é ar ṫaoiḃ do láiṁe clé de Ṁóta Ḋealgain?	56. Do you not see it to the left of Castletown Moat?
57. 'Tċím anois é; aċt ċá dtiocfaḋ liom a' ċéad uair (= ar dtús) mar ḃí an ġrian ag lonnraḋ ró-láidir in m' aġaiḋ.	57. I see it now; but I could not at first, as the sun was shining too strongly in my face.
58. Is fada ó ḃí Cú-Ċulainn 'na ċoṁnaiḋe ṫuas ann sin.	58. It is long since Cuchulainn was living up there.
59. Cia atá 'na ċoṁnaiḋe ann anois?	59. Who lives there now?
60. Albanaċ, agus ċá leig-feaḋ sé tú taoḃ istiġ de na geataiḃ.	60. A Scotchman, and he would not let you inside the gates.
61. Is iongantaċ sin ar fad.	61. That is wonderful entirely.
62. Má's iongantaċ, is fíor é.	62. If it is (= though) wonderful, it is true.
63. Ċá leigeann sé a leas a ḃeiṫ ċoṁ cruaiḋ, óir ḃéiḋ an Móta ann sin 'na ḋéiḋ.	63. He need not be so hard, as the Moat will be there after him.
64. Ċán amarcann sé mar sin do neiṫiḃ.	64. He does not take the same view of things.
65. Seo roilig Ḋúin Ḋeal-gain.	65. This is Castletown graveyard.

Digitized by Google

66. Is iomḋa duine 'na luiġe taoḃ istiġ de'n ḃalla.	66. Many a person lies inside that wall.
67. Béiḋ sin deireaḋ ḋuinn uilig.	67. That will be the end of us all.
68. Caidé an seórt oibre atá ag dul ar aġaiḋ amuiġ ann sin?	68. What sort of work is going on out there?
69. Sin an áit i ndéantar na blicí (= bricí).	69. There is where the bricks are made.
70. Támuid i bfogus do'n ḃaile ṁór anois.	70. We are near the town now.

Ins an Ḃaile Ṁór. — IN THE TOWN.

1. Baile an Sráidḃaile atá ag dul ar feaḃas gaċ a'n lá.	1. Dundalk is a town that is improving every day.
2. Sin margaḋ na bpréataí.	2. There is the potato market.
3. Tá margaḋ mór ann sin ċeana.	3. There is a big market there already.
4. Nuair raċfas muid (sinn) suas ann seo, caiṫfiḋ sinn teanntaḋ taoḃ na láiṁe clé le ḋul ċun a' ċéiḃ.	4. When we go up here, we must turn to the left to go to the quay.
5. Ṫíos ann sin ġeoḃas me an gual.	5. Down there I shall get the coal.
6. Caidé an seort cárṫa é sin?	6. What sort of a pillar is that?
7. Sin cuiṁneaċán do ṫóg muintir a' tSráidḃaile le cuiṁne fear Naoċad a hOċt.	7. That is a monument the people of Dundalk have erected to the memory of the men of '98.
8. Go ndéanaiḋ Dia trócaire ar anamnaiḃ na bfear ⁊ na mban d'éag "Ar son Creidiṁ ⁊ Tíre."	8. May God have mercy on the souls of the men and women who died "For Faith and Fatherland."

Digitized by Google

9. Caiḋé an faḋ a ḃfuil sé anois ó seo ɫ o'n ċéiḃ?	9. What distance is it now from this to the quay?
10. Seo an áit i ndíoltar an gual.	10. Here is the place where the coal is sold.
11. Is fearr duit tuirlint (teaċt anuas) ann seo ⁊ greim cinn a ṫabairt ar an ċapall.	11. It is better for you to get down here and to hold the horse by the head.
12. Tabair an trucaill anonn ar an taoiḃ ṫall de'n droiċead toṁaiste.	12. Take the cart over to the far side of the weigh-bridge.
13. Cuir an trucaill ar ais ar an droiċead.	13. Back the cart in on the bridge.
14. Bain amaċ slabraiḋe an ḃrístín ⁊ iall an ḃuilg.	14. Take out the "britcheen" chains and the belly-band.
15. Taem* (= tabair daṁ) an bata sin go gcóiriġe mé faoi'n trucaill é.	15. Give me that stick until I fix it under the cart.
16. Caiḋé an fáṫ a ndéanfaiḋ tú sin?	16. Why will you do that?
17. Ċun an coṁṫrom (truime) a ṫabairt ó ḋruim an ċapaill ⁊ a leigint ar an droiċead toṁaiste.	17. To take the weight from the horse's back and let it rest on the weigh-bridge.
18. Mur ndéanfá sin, ċá dtiocfaḋ leat an trucaill a ṫoṁas go ceart.	18. Unless you did that, you could not weigh the cart exactly.
19. Seo ċugainn an fear a líonfas an gual.	19. Here is the man that will fill the coal.
20. Ḃí sinn ag fuireaċ leat.	20. We were waiting for you.
21. A' raiḃ siḃ i ḃfad ann seo?	21. Were you long here?
22. Ó ċeaṫraṁa go dtí a naoi.	22. Since a quarter to nine.

* Also téam, ṫéam, taḋm, and ṫam.

Digitized by Google

23. Dá mbéaḋ siḃ ann seo cúig ḃimiḋe níos guirte, béiḋinn-se ann seo.	23. If you had been here five minutes sooner I would have been here.
24. A' ndeir tú sin ?	24. Do you say so ?
25. Téiḋim fá ċoinne mo ċeadṗroinne ar a fiċe bimiḋe go dtí a naoi.	25. I go for breakfast at twenty to nine.
26. Caiḋé an coṁṫrom (truime) atá 'san tru-caill sin ?	26. What weight is that cart ?
27. Sé ċéad, trí ceaṫraṁa.	27. Six cwt., three qrs.
28. Sin an coṁṫrom (truime) céadna ḃí sé an uair ḋeireannaċ ḃí mé ann seo.	28. That is the same weight it was the last time I was here.
29. Cóiriġ na slaḃraiḋe sin agus tabair an tru-caill anonn ar a' taoiḃ ṫall de'n ċarn sin guail.	29. Fix those chains and take the cart over to the far side of that heap of coal.
30. An é seo an gual a líonfas muiḋ (sinn) ?	30. Is this the coal we shall fill ?
31. 'Seaḋ ; agus gual maiṫ at' ann.	31. Yes ; and good coal it is.
32. Ár ndóiġ, baḋ ċóir dó ; naċ ḃfuil tú ag baint sgilling' is ponta an tonna as ?	32. Sure, it ought ; are you not charging 21s. per ton for it ?
33. Cia d'ársuiġ sin duit ? Measaim go raḃ duine inseaċ (=éigean) ag foċmaid fút.	33. Who told you that ? I think some one has been mocking you.
34. Caiḋé tá tú a ḃaint as, mar sin ?	34. What are you charging for it, then ?
35. Naoi sgillinge déag an tonna.	35. 19s. per ton.
36. Tabair an t-sluasaḋ sin anall ⁊ tosuiġ d'á líonaḋ.	36. Take over that shovel and commence to fill.

Digitized by Google

37. Ná caiṫ na ceannaí móra isteaċ coṁ garḃ nó caiṫfiḋ tú an tóin as mo ṫrucaill.	37. Don't throw the big lumps in so roughly or you will throw the bottom out of my cart.
38. Ċá leigeann tú a leas greim eagla a ḃeiṫ ort, óir is iomḋa trucaill ṫig isteaċ ann seo gaċ lá, ⁊ is beag acú ṫéiḋ amaċ gan a tóin.	38. You need not be one bit afraid, for many a cart comes in here every day, and few of them go out bottomless.
39. 'Saoileann tú caiḋé an méaḋ guail tá 'gam ar a' trucaill sin anois?	39. How much coal do you think have I on that cart now?
40. Tá tuairim ḋá ċéaḋ déag.	40. About 12 cwt.
41. Saoilim go ḃfuil an capall sin ar son cúig céaḋ déag a ṫarraint.	41. I think that horse is able to draw 15 cwt.
42. Tá cúig céaḋ déag agat anois.	42. You have 15 cwt. now.
43. Tabair an trucaill ar ais ar an droiċeaḋ go dtóṁas muinn an gual.	43. Take the cart back to the bridge till we weigh the coal.
44. Tá cuig céaḋ déag is ceaṫraṁa 'gat. Adtabarfaiḋ tú an ċeaṫraṁa leat?	44. You have 15 cwt. 1 qr. Will you take the quarter?
45. Tá sé coṁ maiṫ daṁ; ċán fiú mo saoṫar a ṫligean (= ṫeilgean = a ċaiṫeaṁ) de.	45. It is as well for me; it is not worth my while to throw it off.
46. Tarraing ar agaiḋ an capall anois.	46. Pull on the horse now.
47. Féadann tusa dul ar agaiḋ anois ⁊ béarfaiḋ mise ort (= gaḃfaiḋ mé tú, buailfiḋ mé suas leat) suas an baile.	47. You may go on now and I shall overtake you up the town.

Digitized by Google

48. An raḃ tú i ḃfad ag fuireaċ ann seo?	48. Were you long waiting here?
49. Tá mé ann seo tuairim cúig ḃimide déag.	49. I am here about fifteen minutes.
50. Ċá dtiocfaḋ liom-sa a ḟágail ar siuḃal níos guirte.	50. I could not get away sooner.
51. Nuair ċuaiḋ mé isteaċ a ḋíol ar son an ġuail, ḃí a seaċt nó a hoċt cloigne roiṁe liom, agus b' éigean daṁ fanaċt ar mo seal.	51. When I went in to pay for the coal, there were seven or eight before me, and I had to wait for my turn.
52. Raċamuid ar agaiḋ anois ⁊ geoḃaiḋ sinn ár meaḋon lae; tá mé deiṁneaċ go ḃfuil do goile agat anois.	52. We shall go on now and get our dinner; I am sure you have your appetite.
53. Raċaiḋ mise ar agaiḋ ⁊ geoḃaiḋ mé stábla do'n ċapall, agus téiḋ tusa agus órduiġ meaḋon lae dúinn.	53. I shall go and get a stable for the horse, and let you go and order dinner for us.
54. Ar ḟág tú féar tirim a ḟáiṫ aige?	54. Did you leave him enough hay?
55. A' ḃfaca tú duine ar biṫ amuiġ indiú a raiḃ aiṫne agat air?	55. Did you see anyone out to-day whom you knew?
56. Ċonnaic mé cúpla daoine coṁursanaiġe ṫuas ag an áit i ndíoltar an coċán.	56. I saw a couple of neighbours up where the straw is sold.
57. Teana (= déan) do sgíste ann seo ⁊ béarfaiḋ mise an capall anuas.	57. Rest yourself here and I shall take down the horse.
58. A' dtaḃairfiḋ tú rud ar biṫ eile a ḃaile leat indiú?	58. Will you take anything else home to-day?

Digitized by Google

59. Saoilim go ḃfuil ualaċ go leor againn ċeana.

59. I think we have load enough already.

60. Tá cruinniuġaḋ mór ṫíos ann seo roiṁe linn.

60. There is a big throng down here before us.

61. Tá an tsráid cuṁang ann seo; coinniġ greim ċruaiḋ ar na córdaiḃ.

61. The street is narrow here; keep a tight grip on the reins.

Ag teaċt a ḃaile.

COMING HOME.

1. Caiṫfiomuide aire a ṫaḃairt dúinn féin, nuair raċfas muid (sinn) coṁ fada le droiċead an ḃóṫair iarainn.

1. We must watch ourselves when we go as far as the railway bridge.

2. Ċá dtig leat an traen a feiceáil leis na crainn go dtí go mbéiḋ sé le do ṫaoiḃ.

2. You cannot see the train, on account of the trees, until it is beside you.

3. Ḃí me ag teaċt ann seo lá aṁáin le capall óg, agus go díreaċ nuair ḃí mé faoi 'n droiċead ċuaiḋ traen ṫart le tarann (= torann) cosṁail le táirneaċ, agus aċt aḃ é go raḃ mé réiḋ ar a son, ḃéaḋ an capall ar siuḃal uaim.

3. I was coming here one day with a young horse, and just as I was under the bridge a train went round with a noise like thunder, and only I was prepared for it, the horse would be away from me.

4. Ḃí sé sona naċ ḃfuair sé ar siuḃal.

4. It was fortunate that he did not get away.

5. Naċ iongantaċ an tarann (= torann) ġní trucaill ag dul faoi droiċead?

5. What a wonderful noise a cart makes going under a bridge!

6. Caidé an t-am ḃéiḋear sinn sa mbaile?

6. What time shall we be at home?

Digitized by Google

7. Ḃí sinn ḋá uair go leiṫ ag teaċt amaċ, agus glacfaiḋ sé trí uaire le dul 'un a' ḃaile.

7. We were two and a-half hours coming out, and it will take three hours to go home.

8. A' dtеanntoċaiḋ sinn go taoiḃ na láiṁe clé ag an ċros-ḃóṫar seo?

8. Shall we turn to the left at this cross-road?

9. Sin bóṫar cnocaċ agus raċaiḋ sinn ar aġaiḋ go díreaċ, agus ċá ċasann an oireaḋ cnoc nó mullaċ orainn.

9. That is a hilly road, and we shall go on straight, and we shall not meet so many hills or heights.

10. Támuid sa mbaile arís coṁ slán is ḃí sinn riaṁ.

10. We are at home again as safe as ever.

11. Tabair an trucaill ṫart go tiġ an ġuail, agus fág ann sin go maidin é.

11. Take the cart round to the coal-house and leave it there till morning.

12. Tabair an capall isteaċ ann seo anois.

12. Take the horse in here now.

13. Tabair sop daṁ go gcuimleoċaiḋ mé an t-allus de.

13. Give me a wisp until I wipe the sweat off him.

14. Cuartoċaiḋ sinn rud innseaċ dúinn ḟéin anois.

14. We shall look for something for ourselves now.

Ag Treaḃaḋ.

PLOUGHING.

1. Caidé tá le deanaṁ indiú againn?

1. What have we to do to-day?

2. Raċamuid síos ⁊ tosoċaiḋ sinn ag treaḃaḋ páirce na heórna.

2. We shall go down and commence to plough the barley field.

3. Raċaiḋ mise síos roiṁe leat, ⁊ nuair ṫiocfas tusa anuas, béiḋ an béarna leagṫa agam-sa.

3. I shall go down before you, and when you come down, I shall have the gap knocked.

Digitized by Google

4. Tá an ṗáirc seo i n-órdughaḋ maiṫ ar son treaḃṫa indiú.

4. This field is in good order for ploughing to-day.

5. Caidé an taoḃ de'n ṗáirc ar cóir dúinn a ṫosughaḋ ann ar dtús?

5. What side of the field ought we to commence in at first?

6. Ḃaḋ cóir dúinn a ṫosughaḋ ann seo, agus sgrioḃ a ṫaḃairt go dtí an cloiḋe ṫall.

6. We should commence it here, and take a scrape to the far ditch.

7. Nach mb'ḟeárr dúinn tosughaḋ ag an taoiḃ íoċtrach agus a ḋul suas leis a' ċloiḋe ṫall?

7. Would it not be better to start at the lower side and to go up along the far ditch?

8. Má ṫreaḃann tú ins an áird sin, ċá ḃíonn áit do ċeann-iomaire agat.

8. If you plough in that direction, you will not have place for a head-land.

9. A' ḃfuil na croitċeaċaiḃ leat?

9. Have you the swings?

10. Cia acú de na capallaiḃ ċuirfeas tú ar an taoiḃ astoiġ (istiġ)?

10. Which of the horses will you put on the inside?

11. An capall duḃ, tá cuma air go ḃfuil sé níos corṫa ná an ceann eile.

11. The black horse, he appears to be more tired than the other one.

12. Taḃair greim ar a' ċéaċta ⁊ coinneoċaiḋ mise na córdaí.

12. Hold the plough, and I shall hold the reins.

13. Caidé an áird i dteanntoċaiḋ mé iad?

13. What direction shall I turn them?

14. Tiomáin ṫart an páirc iad, ⁊ coinniġ tuairim dá ṗlait ó'n ċloiḋe iad.

14. Drive them round the field, and keep them about two yards from the ditch.

15. Nuair ṫiocfas muinne ṫart ann seo arís, teanntuiġ suas go dtí an taoḃ eile iad.

15. When we come round here again, turn them up to the other side.

Digitized by Google

16. Tá an talaṁ seo an-tirim inḋiú; tá sé ḋ'á ġearraḋ go réiḋ.	16. This ground is very dry to-day; it is cutting smoothly.
17. Féadann tú na córdaí a ṫabairt doṁ-sa; béiḋ mise ar son a gcoing-ḃeála ar a'n iúl leis a' ċéaċta.	17. You may give me the reins now; I shall be able to hold them along with the plough.
18. Coinniġ an capall go maiṫ ins an eitrin.	18. Keep the horse well in the furrow.
19. Caiḋé an talaṁ tá 'san ṗáirc seo?	19. What is the area of this field? (*Lit.*, What land is in this field?)
20. Tá acra go leiṫ.	20. An acre and a half.
21. A' mbéiḋ sinn ar son a ṫreaḃṫa i dtrí lá?	21. Shall we be able to plough it in three days?
22. Má ċoinniġeann an aimsir go maiṫ, treaḃfaiḋ sinn i dtrí lá go leiṫ í.	22. If the weather keeps good we shall plough it in three and a half days.
23. Caiḋé an bárr is cóir a ċur innte (inntí)?	23. What crop should be planted in it?
24. Is ḟéarr duinn coirce a ċur innte i mbliaḋna ⁊ béiḋ sí níos fusa a ṡaoṫruġaḋ ar a' ḃliaḋain seo ċugainn.	24. It is better to plant oats in it this year, and it will be easier to labour next year.
25. Dá mbéaḋ sí treaḃṫa go maiṫ anois, ċá ġlacfaḋ sé morán fursuiġṫe faluġaḋ (folaċ) a ċur ar an ċoirce.	25. If it were ploughed well now, it would not take much harrowing to cover the oats.
26. Ḋéanfaḋ ḋá sgríob ar fad agus ceann trasna.	26. Two rubs on the length and one across would do.
27. Ḃfuil an maide seist-riġe (=seisriġe) sin díreaċ?	27. Is that beam straight?
28. Má ḋearcann tú as seo air, ṡaoilfeá naċ raiḃ sé díreaċ.	28. If you look from this at it, you would think it was not straight.

Digitized by Google

29. Tá an cóltar sin ḋ'á ċaiteaṁ go maiṫ.	29. That coulter is wearing well.
30. Tá pláta an talaiṁ ⁊ pláta na taoiḃe i ḃfogus do ḃeiṫ caiṫte amaċ.	30. The sole and side plates are nearly worn out.
31. Ċá seasann na céaċtaí ġníḋ siad anois an caiteaṁ leis na sean-céaċtaiḃ.	31. The ploughs that are made now do not stand the wear like the old ones.
32. Tá na céaċtaí úra seo níos saoire ⁊ níos éadtruime.	32. These new ploughs are cheaper and lighter.
33. Cá ṁéad poll tá 'san ráca?	33. How many holes are in the rack?
34. Tá oċt ḃpuill ins an ċeann seo aċt tá cuid acú agus ċán ḟuil ionntú aċt sé puill.	34. There are eight holes in this one, but there are some of them with only six.
35. Is ḟéarr duit greim a ṫaḃairt ar na córdaiḃ go ḃfuigfiḋ mé na capaill teanntuiġṫe.	35. It is better for you to hold the reins until I get the horses turned.
36. Nuair raċfas sinn síos ċun a' ċeann-iomaire íoċtraiġ, féadann sinn sgaoileaḋ amaċ ⁊ dul a ḃaile.	36. When we go down to the lower head-land we may loose out and go home.
37. Tar ann seo go gcuid-eoċaiḋ mé suas ar a' ċapall seo ṫú.	37. Come here until I help you up on this horse.
38. Tarraingeoċaiḋ mé anall ċun a' claiḋe é ⁊ ġeoḃaiḋ mé as sin ar a ḋruim.	38. I shall pull him over to the ditch and I shall get from that on his back.
39. Ná cuir ar sodar é, óir tá sé corṫa.	39. Don't trot him, for he is tired.
40. Ċán é go dtéarn (=ndearna) sé obair ċruaiḋ ó lá.	40. It is not that he did hard work all day.

Digitized by Google

Ag bualaḋ coirce.	THRESHING.
1. Cá ḃfuil an súiste?	1. Where is the flail?
2. Ċán ḟuil agat aċt an lámċrann; cá ḃfuil an buailteán?	2. You have only the hand-staff; where is the "buailteán?"
3. Ḃéiḋ craiceann eascann a ċeiṫre orm le n-a gceanglaḋ.	3. I shall want an eelskin to tie them.
4. Naċ nḋéanfaḋ an líon?	4. Would the flax not do?
5. Ḋéanfaḋ go ceann tamaill; aċt bíonn caiṫeaṁ fada ins an ċraiceann eascann.	5. It would do for a while; but there is long wear in the eel-skin.
6. Spréiḋ na cáití ar an ball ġlas sin ṫall.	6. Spread the sheets on that green spot beyond.
7. Naċ ḃfuil tú ag dul a bualaḋ sa sgioból?	7. Are you not going to thresh in the barn?
8. Ḃéiḋinn plúċta leis a' dusta (= deannaċ) ⁊ leis an ċáiṫ.	8. I would be smothered with the dust and with the chaff.
9. Má tigeann an ḟearṫainn orainn, caidé ḋéanfasmuid (sinn)?	9. If the rain comes on us, what shall we do?
10. Má ḃíonn fearṫainn ar biṫ, ċá ḃíonn aċt ciot, agus tig linn faluġaḋ (= folaċ) a ċur ar an ċoirce leis na cáitiḃ.	10. If we have rain at all, it will be only a shower, and we can cover the oats with the sheets.
11. An iad seo na cáití tá 'gat? Tá siad uilig réabṫa.	11. Are these the sheets you have? They are all torn.
12. Raċaḋ an coirce fríoṫú (= tríoṫa) mar raċaḋ sé fríd ċoigneóir.	12. The corn would go through them as it would go through a riddle.
13. Taem an snáṫad sin go gcuirfiḋ mé snaiḋm ionnṫú.	13. Give me that needle until I stitch them.

Digitized by Google

14. Cuir cloċ ar an ċóirneál sin, ar ḋóiġ naċ séideoċaiḋ an ġaoṫ ar siubal é.

14. Put a stone on that corner, so that the wind may not blow it away.

15. Cuir síos a' doras ar lár a' ċáite.

15. Put down the door on the middle of the sheet.

16. An é sin buailteán cuill atá 'gat?

16. Is that a hazel "buailteán" you have?

17. Cá ṁéad buille buailfeas sinn ar gaċ taoiḃ de'n ṗurann (= ṗunann)?

17. How many blows shall we strike on each side of the sheaf?

18. Ḋéanfaiḋ sé buillí: tá an t-arḃar sin tirim abaiḋ.

18. Six blows will do: that corn is dry and ripe.

19. Cia sgaoilfeas na purainn (= punainn) duinn?

19. Who will loose the sheaves for us?

20. An ġirrseaċ ḃeag sin ag teaċt anuas an ṗáirc.

20. That little girl coming down the field.

21. Naċ ḃfuil sise ag dul a ċraṫaḋ an ċoċáin?

21. Is not she going to shake the straw?

22. Ḋéanfaiḋ sí an dá ċuid; aċt ġeoḃaiḋ sí duine eile a ċuidiuġaḋ léiṫe i nḋéiḋ a' ṁeaḋoin lae.

22. She will do both; but she will get another to help her after dinner.

23. Taḃair aire agus ná buail leis a' tsúiste mé.

23. Mind and don't strike me with the flail.

24. Teanntoċaiḋ sinn na purainn (= punainn); tá an taoḃ seo buailte a ṡáiṫ.

24. We will turn the sheaves; this side is threshed enough.

25. Cuir do ċos ċlé faoi'n taoiḃ seo, agus cuir ceann do ṡúiste ar an taoiḃ eile agus teanntuiġ iad.

25. Put your left foot under this side, and put the end of your flail on the other side and turn it.

Digitized by Google

26. Tá tú ag éirġe uaċtaċ; ḟaoilfeaḋ duine go raiḃ an purann (= punann) sin céad ar ċoṁtrom (= truime, meaḋaċan), ḃí tú ċoṁ fada sin d'á teanntaḋ.

26. You are getting unhandy; one would think that that sheaf was a hundred-weight you were so long turning it.

27. Ḃfeic tú an ḃean ṫuas ag an tiġ ag sgairteaḋ orainn a ḃaile ċuig nár meaḋon lae?

27. Do you see the woman up at the house calling us home to our dinner?

28. Ċár ṁoṫuiġ mé an lá seo ag dul tart.

28. I did not feel this day passing.

29. Caiṫ na súistí ann sin agus cuir faluġaḋ (= folaċ) coċáin ortú.

29. Throw the flails there and cover them with straw.

30. Ċán ḟuil eagla ort go ngoidfeár iad?

30. You are not afraid they will be stolen?

31. Ċán ḟuil, aċt ċán maiṫ liom iad a ḃeiṫ sgoilte leis a' ġréin.

31. No; but I do not like them to be split by the sun.

32. Anois, a ċailín, ná leig na cearcaí 'ċóṁair a' ċáite, nó stróicfiḋ siad an coirce ḟríd an ḟéar.

32. Now, girl, don't let the hens near the sheet, or they will tear the oats through the grass.

33. Má ṁoṫuiġeann tú cioṫ ag teaċt, cuir faluġaḋ (= folaċ) ar a' ċáite.

33. If you find a shower coming, cover the sheet.

34. Ḃéiḋ an ċruaċ ḃeag sin buailte againn anoċt.

34. We shall have that little stack threshed to-night.

35. Tá sí ar an taoiḃ ṫíos de'n sgiṁeal anois, agus baḋ ċóir dó sin a ḃeiṫ a leiṫ.

35. It is below the eve now, and that should be half of it.

36. Ċá raiḃ mórán luċa ins an ċruaiċ sin.

36. There were not many mice in that stack.

Digitized by Google

37. Connaic mé loċóg innti ar a' tseaċtṁain seo ṫart, 7 is cosṁail gur ḋíḃir sí na luċa.

37. I saw a rat in it last week, and likely it banished the mice.

38. Dá mbéaḋ sí níos foisge do'n uisge, ḃéaḋ níos mó loċógaí innti.

38. If it had been nearer to the water, there would be more rats in it.

39. A' mb'féarr dúinn cruaċ a ḋéanaṁ de'n méad atá buailte 'gainn anois?

39. Would it be better for us to make a stack of all we have threshed now?

40. Is féarr fanaċt go mbéiḋ sé uilig buailte 'gainn.

40. It is better to wait until it is all threshed.

41. Líon suas an coirce sin i mála.

41. Fill that oats in a bag.

42. Tá an gráinne sin beag.

42. That grain is small.

43. Tá cuid dé móḋṁar.

43. Some of it is well-formed.

44. Ná leig do'n ċoirce dul amaċ ó'n ċáite.

44. Don't let the oats go out off the sheet.

45. Gráinne de raċfas amaċ, cruinneoċaiḋ na cearcaí suas é.

45. The hens will pick up any grain of it that goes out.

AR SGOIL.

AT SCHOOL.

1. 'Ḃfuil na buaċaillí (na garsúir) uilig istiġ?

1. Are all the boys in?

2. Seasaḋ an Treas Céim ṫart i rang.

2. Third Standard stand round in a class.

3. A' ċéad ḃuaċaill, taḃair na sglátaí amaċ do na buaċailliḃ agus do na cailíniḃ ins an Ceaṫraṁaḋ Céim.

3. First boy, give out slates to the boys and girls in Fourth Standard.

Digitized by Google

4. Ḋearaiḋ (ḋéarfaḋ) cúig ḃimiḋe ḋaoiḃ go ḋíreaċ ċun aṁarc ar ḃur gceaċtannaiḃ.	4. I shall just give you five minutes to look at your lessons.
5. Ḃfuil siḃ uilig réiḋ?	5. Are you all ready?
6. Sgríoḃaiḋ síos na focla seo leanas.	6. Write down the following words.
7. Má tá focal naċ ceart aige duine ar biṫ agaiḃ, sgríoḃaḋ sé amaċ trí huaire é.	7. If anyone had a word wrong, let him write it out three times.
8. Sgríoḃtar gaċ dearmad trí huaire.	8. Let each error be written three times.
9. Féadann buaċaill ar biṫ naċ raiḃ dearmad aige suiḋe ann seo, ⁊ a ċeaċt a fágail réiḋ.	9. Any boy who had no error may sit here and get off his lesson.
10. Béiḋ mé an-ċruaiḋ ar buaċaill ar biṫ naċ mbéiḋ ar son minigṫe na bfocal a ársuiġe ḋom.	10. I shall be very hard on any boy who will not be able to tell me the meaning of the words.
11. Ná cluinim níos mó glóir ins na suiḋeaċáin.	11. Don't let me hear any more noise in the seats.
12. Má ċluinim níos mó cainnte, béiḋeaḋ ag dul síos leis a' tslait.	12. If I hear any more talk, I shall be going down with the rod.
13. Tabair aníos na sglátaí anois.	13. Take up the slates now.
14. Coinnigiḋ socair anois go nglaoiḋfiḋ mé na hainmneaċa.	14. Keep quiet now until I call the rolls.
15. Leig ḋom 'feiceáil anois caidé ḃí siḃ-se ins na suiḋeaċáin a ḋéanaṁ ar a' leaṫ-uair seo ṫart.	15. Let me see now what were you in the seats doing this last half-hour.
16. Baḋ ċóir a tuilleaḋ a beiṫ sgríoḃṫa agat 'san aimsir.	16. You should have more written in the time.

Digitized by Google

17. Tá i bḟad barraiḋeaċt sgríoḃṫa ag an ċailín seo.	17. This girl has far too much written.
18. Ċán maiṫ liom smáil a ḟeiceáil ar ṗáipeár duine ar biṫ.	18. I do not like to see blots on anyone's paper.
19. Ṡaoileas go dtiocfaḋ leat sgríoḃaḋ níos féarr.	19. I thought you could write better.
20. Seo sgríḃneóireaċt ṁaiṫ.	20. This is good writing.
21. Dearcaiḋ ar sgríḃ-neóireaċt an ḃuaċalla seo.	21. See this boy's writing.
22. Sin a' ḋóiġ baḋ ċóir a sgríḃneóireaċt a ḃeiṫ réiḋ aig gaċ [n]aon ḋuine agaiḃ.	22. This is how each of you should have your writing done.
23. Cá ḃfuil an páipéar súiġte?	23 Where is the blotting paper?
24. Triomuiġiḋ ḃur gcuid leaḃrán sgríoḃṫa.	24. Dry your copies.
25. Druidiḋ anois iad agus cuiriḋ go dtí an ceann eile de'n suiḋeaċán iad.	25. Close them now and send them to the other end of the desk.
26. Ḃfuil siḃ réiḋ ar son aṫruiġte?	26. Are you ready to change?
27. Éiriġiḋ in ḃur seasaṁ.	27. Stand up.
28. Ḃuailiḋ cosa; siuḃ-laiḋ.	28. Mark time; march.
29. Stadaiḋ (seasaiḋ).	29. Halt.
30. Sgríoḃfaiḋ siḃ-se ins na suiḋeaċáin rosg ar "An ċaiteaṁ aimsire is féarr liom," ⁊c.	30. You in the desks will write a composition on "What pastime I like best," &c.
31. Ċán ḟuil rosg fada a ċeitre orm-sa, aċt caiṫ-fiḋ sé ḃeiṫ ciallṁar agus sgríoḃaḋ go maiṫ.	31. I do not want a long composition, but it must be sensible and well written.

Digitized by Google

32. Sgríoḃaiḋ tuairim leaṫanaċ aṁáin.	32. Write about one page.
33. Taḃair aire a ṫosuġaḋ le cinn-litir.	33. Remember to commence with a capital letter.
34. Leis an ḃuaċaill beag sin atáim ag laḃairt, mar ġníḋ sé dearmad ar an ċinn-litir gaċ a'n lá.	34. To that little boy I am speaking, for he forgets the capital letter every day.
35. Roinniḋ ḃur sorg i n-altaiḃ beaga.	35. Divide your composition into small paragraphs.
36. Léiġfiḋ an Cúiġeaḋ Céim anois.	36. The Fifth Class will now read.
37. Tosuiġ, a' ċéad ḃuaċaill (nó ċailín).	37. Commence first boy (or girl).
38. Ná léiġ coṁ garta sin.	38. Don't read so quickly.
39. Tá sin ró-ġarta go fóil.	39. That is too quick yet.
40. Tá sin níos fearr; féaċ ⁊ léiġ an ċéad alt eile mar sin.	40. That is better; try and read the next paragraph like that.
41. Déanfaiḋ sin anois.	41. That will do now.
42. Druid do leaḃar anois ⁊ árruiġ daṁ id' ḟoclaiḃ féin caidé ḃí tú a léiġeaḋ.	42. Close your book now and tell me in your own words what you have been reading.
43. Tá tú ag dul ar ḟeaḃar in do léiġeaḋ.	43. You are improving in your reading.
44. Ar ḟoġlaim tú sin aréir?	44. Did you learn that last night?
45. An ċéad ḃuaċaill (nó ċailín) eile.	45. Next boy (or girl).
46. Coinniġ do ṡúil ar na stadannaiḃ.	46. Mind the stops.
47. Caidé ḃain duit—naċ dtig leat léiġeaḋ níos airde?	47. What has happened to you—can you not read louder?

Digitized by Google

48. Nać ḃfuil aiṫne agat ar an focal sin?	48. Do you not know that word?
49. Litriġ é. Anois an dtig leat a ráḋ?	49. Spell it. Now can you say it?
50. Ársuiġ dam anois caiḋé an míniuġaḋ atá leis.	50. Tell me now what meaning has it.
51. A' ḃfuil sé ceart?	51. Is he right?
52. Má saoileann duine ar biṫ nać ḃfuil sé ceart, cuireaḋ sé suas a láṁ.	52. If any boy thinks he is not right, let him hold up his hand.
53. Ċán feicim láṁa ar biṫ tógta.	53. I don't see any hands up.
54. Ná bí (= bíoḋ) an oiread sin práiḋinne ort, agus bainfiḋ tú amać an ċiall níos féarr.	54. Don't be in such a hurry, and you will take the sense out better.
55. Léiġ an abairt sin arís.	55. Read that sentence again.
56. Léiġ tríd an ceaċt sin go cúramać, óir caiṫfiḋ siḃ alt' a sgríoḃaḋ air ar ball.	56. Read over that lesson carefully, as you must write an essay on it after a while.
57. A' ḃfuil ḃur rosg réiḋ agaiḃ?	57. Have you your composition finished?
58. Ḃaḋ ċóir a tuilleaḋ a ḃeiṫ déanta agad-sa.	58. You should have more done.
59. Ċán fuil mórán céille ins an ṁéad atá sgríoḃta agad.	59. There is not much sense in what you have written.
60. Ċán fuil sé seo i ḃfad níos féarr, aćt atá na hailt córuiġṫe go deas.	60. This is not much better, but the paragraphs are nicely arranged.
61. Tá sé sin go maiṫ.	61. That is good.
62. Tá sé seo go maiṫ fósta (= fós).	62. This is good also.
63. Seo an ceann is féarr a ċas orm go seaḋ.	63. This is the best I have met yet.

Digitized by Google

64. Ċán ḟuil an buaċaill seo ró-ċúramaċ fá'n ndóiġ a ċaiṫeas sé a ċuid duḃaiġ.	64. This boy is not very careful of how he uses his ink.
65. Tá smáil deasa toiġte agat-sa.	65. You have very nice blots.
66. Maiṫ, cosṁail, olc.	66. Good, middling, bad.
67. Féadann siḃ dul amaċ ċun spóirt a ḋéanaṁ anois.	67. You may go out to play now.
68. Ḃfuil na sglátaí uilig cruinn?	68. Are all the slates collected?
69. Caiṫfiḋ siḃ tosuġaḋ ar an ríoṁaireaċt nuair ṫiocfas siḃ isteaċ.	69. You must commence the arithmetic when you come in.

Digitized by Google

Digitized by Google

Digitized by Google

Digitized by Google

Digitized by Google

Digitized by Google

Digitized by Google

This book should be returned to the Library on or before the last date stamped below.

A fine is incurred by retaining it beyond the specified time.

Please return promptly.

NOV 27'70 H

CANCELLED

3 17 14 76

Digitized by Google

Digitized by Google